

05-05-20

A Thuismitheoir/ Caomhnóir Dalta Bhliain a trí,

Beatha agus sláinte chugat.

Táim ag scríobh chugat chun socruithe do dheireadh na bliana agus don mharc/grád deiridh a bheidh á bhronnadh ag an scoil ar do mhac/iníon a roinnt libh. Tá sé beartaithe tuairiscí deireadh bliana a sholáthar ar a bheidh:

| Marc nó grád na bliana | Torthaí na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRB) (más ann dóibh) | agus | Tuairisc Chuimsitheach do gach dalta (iarracht san áireamh) |.

Chomh maith leis sin, beidh an Roinn Oideachais agus Scileanna ag bronnadh Teastas Críochnaithe ar gach dalta.

An leagan amach go sonrach ná:

- Grád/toradh a bhronnadh do gach ábhar scrúdaithe bunaithe ar an obair a deineadh go dtí an 12ú Márta nuair a dúnadh na scoileanna. Seo é [an treoir ón Aire Oideachais](#) agus beimid ag cloí leis sin.
- Beidh meán-mharc bailithe ó na scrúduithe i mbliain a dó agus a trí (an réamhscrúdú san áireamh).
- Beidh torthaí na MRBanna á chur in iúl chomh maith, rud a thabharfaidh aitheantas do na scileanna eile atá forbartha ag daltaí thar an tréimhse sa choláiste.

Tábhachtach

Tuigim nár éirigh le gach dalta teacht ar an obair agus teagmháil a choimeád go leanúnach leis na múinteoirí agus go raibh cúiseanna leis seo. Ní mór dom a lua mar sin, nach stopann an scoilbhliain ag an bpointe seo, mar ní hionann oideachas agus scrúdú deiridh, ná é. Tá an iarracht agus an fhorbairt leanúnach a dhéantar fíor-thábhachtach mar tugann sé sin léargas ar an duine, an fhoghlaím agus an cumas atá á nochtadh lá i ndiaidh lae.


- Chuige seo, tá deis ann fós do gach dalta dul chun cinn a dhéanamh mar beidh tuairisc scríofa chuimsitheach ó gach múinteoir, ina mbeidh aitheantas agus creidiúint tugtha don iarracht agus teagmháil atá déanta **go dtí seo**, agus go deimhin, go deireadh na bliana, an 29ú Bealtaine.

Má tá aon chuid de seo nach bhfuil soiléir, ná bíodh leisce ort teagmháil a dhéanamh liom ag oifig@colaisteghobnatan.ie agus cuirfear freagra chugat chomh luath agus is féidir.

Mo bhuíochas libh agus leis na daltaí as an iarracht atá curtha isteach ó bhaile go dtí seo i dtréimhse atá neamhchoitianta, nach bhfacthas riamh roimhe seo. Tá níos mó i gceist ná

oideachas san am éigeandála seo ach fós, beifear ag súil go mbeidh sé seo réasúnta agus féaráilte le gach dalta.

Tabhair aire agus fan slán,



Toirdealbhach Ó Lionáird

Príomhoide

5-05-20

Dear Parent/Guardian of 3rd Year student,

Beatha agus sláinte chugat. I hope you are keeping well under the circumstances in these challenging times.

I am writing to inform you of the arrangements for the rest of the school year and the final mark/grade your son/daughter will receive.

It is intended to provide an end-of-year report which will contain:

An end of Junior Cycle Mark or Grade, Classroom-Based Assessments results and a comprehensive written report for each student (with extra merit for effort).

In addition, the Department of Education and Skills will award every student with a state-certified Certificate of Completion.

The school end-of-year report will contain:

- a Grade/Result in each examination subject based on the work completed up until the 12th March when schools closed. This is in line with [the Minister's guidance](#) and we will be adhering to this.
- An average mark will be awarded including the results from Christmas, summer and the pre-exams.
- The Classroom –Based Assessments (MBAs) will be reported, giving recognition for skills and effort over the course of the last two years in school.

Important


I am very aware that many third year students have neither managed to keep up with their work and study, nor keep in regular contact with their teachers for a variety of reasons. In the light of this, it is important to remember that there is still time and opportunity for students to make progress and produce a decent standard of work as the school year has not ended yet and will continue until May 29th. We all know that education means much more than the final grade. The effort and continuous development of students is a crucial element as it gives an insight into the student's growth as a person, their learning and ability over a period of time.

- This effort (and all efforts since the school building closed) will be recognised and well-rewarded by each teacher in the end of school year report.

These are unusual times, unprecedented even, and require a particular approach to bring the year to a satisfactory conclusion. Education is only one aspect of this whole crisis but we are hoping that these arrangements will be fair and reasonable for the most part.

Thank you for the support you have provided over the past while and thanks to your son/daughter for their efforts in keeping things going as best they could. If any of this is unclear to you, feel free to email me oifig@colaisteghobnatan.ie and I will reply as best I can.

In the meantime, take care and stay safe,



Toirdealbhach Ó Lionáird, Príomhoide